# Cistiú an Státchiste faoin Reachtaíocht um an Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte

# in 2019

*Tuarascáil leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gcomhréir le hAlt 10D den Acht um Oifigí Aireachta agus Páirliminte, 1938, arna leasú ag an Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú), 2014*

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

**An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí**
**6 Ardán Phort an Iarla**
**Baile Átha Cliath 2 D02 W773**

**Guthán: (01) 6395666**
**Ríomhphost: sipo@sipo.ie**
**Láithreán gréasáin: www.sipo.ie**
**Twitter: @SIPOCIreland**

**Nollaig 2020**

# Clár Ábhar

Brollach ........ 3
Caibidil 1: Réamhrá ........ 4
Caibidil 2: Ráitis chaiteachais a sholáthair ceannairí páirtí agus baill neamhspleácha ........ 5
Caibidil 3: An Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte - rátaí íocaíochta i rith 2019 ........ 7
Aguisín: Sonraí faoi chistiú agus caiteachas ........ 8

# Brollach

Faoi mar a d'iarr an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, cuirim an tuarascáil seo faoi bhráid an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gcomhréir le halt 10D den Acht um Oifigí Aireachta agus Páirliminte, 1938, arna leasú ag an Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú), 2014. Cuireadh na ráitis chaiteachais agus tuarascálacha na n-iniúchóirí poiblí maidir leis an mbliain 2019 a dtagraítear dóibh sa tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí de bhun ailt 10B(1) agus 10B(6) den Acht.

______________________

Sherry Perreault

Ceann Eitice agus Rialála Brústocaireachta

Rúnaí leis an gCoimisiún

Nollaig 2020

## Caibidil 1: Réamhrá

Íoctar liúntais le ceannairí na bpáirtithe parlaiminteacha maidir le costais a eascraíonn as gníomhaíochtaí parlaiminteacha na bpáirtithe, taighde san áireamh. Ceanglaítear ar cheannairí páirtí ráitis bhliantúla ar chaiteachas do na liúntais seo a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún um Chaighdeáin).

Íoctar na liúntais seo le baill neamhspleácha na Dála agus an tSeanaid freisin agus ceanglaítear orthu ráitis a sholáthar.

Tugtar "an liúntas gníomhaíochtaí parlaiminte" (an LGP) sa ghnáthchaint ar an liúntas.

Is é an sainmhíniú a thugtar san Acht ar pháirtí cáilitheach ná páirtí polaitíochta, atá cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta, a chuaigh san iomaíocht san olltoghchán deireanach roimhe seo nó in aon chorrthoghchán ina dhiaidh sin agus inar toghadh ar a laghad ball amháin den pháirtí sin le Dáil Éireann nó inar ainmníodh nó inar toghadh ar a laghad ball amháin den pháirtí sin le Seanad Éireann.

Baineann an tuarascáil seo le ráitis chaiteachais an liúntais don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2019 a chuir ceannairí parlaiminteacha ocht bpáirtí polaitíochta, 15 Sheanadóir neamhspleácha agus 19 TD neamhspleácha ar íocadh an liúntas leo in 2019, faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin.

Nuair atá páirtí cáilitheach mar chuid den Rialtas, laghdaítear na comhliúntais maidir lena bhaill de Dháil Éireann (agus na baill sin amháin) an tríú cuid.

Níl ról ag an gCoimisiún um Chaighdeáin chun an liúntas seo a leithdháileadh, ach tá ról maoirseachta aige maidir leis an liúntas a chaitheamh. Ní foláir dó ráitis chaiteachais ar an liúntas a fháil agus a bhreithniú agus dul i gcomhairle, más gá, le ceannairí na bpáirtithe parlaiminteacha/na baill neamhspleácha maidir le ceisteanna a chuimsítear ina ráitis. Caithfidh an Coimisiún um Chaighdeáin tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar na ráitis a fuair sé agus cóip dá thuarascáil a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Ní foláir dó freisin cigireacht agus cóipeáil na ráiteas a cuireadh faoina bhráid a éascú.

# Caibidil 2: Ráitis chaiteachais a sholáthair ceannairí páirtí agus baill neamhspleácha

**Cúlra**

Foráiltear san Acht go gcaithfidh ceannairí páirtí pharlaimintigh ráiteas ar aon chaiteachas ón liúntas a ullmhú, nó a chur faoi deara go ndéantar an ráiteas sin a ullmhú. Caithfear é seo a dhéanamh tráth nach faide ná 120 lá i ndiaidh dheireadh na bliana airgeadais inar íocadh liúntas. Caithfidh iniúchóir poiblí an ráiteas a iniúchadh agus caithfear é a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin, i dteannta thuarascáil an iniúchóra, laistigh den tréimhse 120 lá seo. Cuirtear stop leis an liúntas a íoc mura bhfaightear an ráiteas agus tuarascáil an iniúchóra do bhliain an chuntais laistigh de 120 lá roimh dheireadh na bliana.

Ba é an spriocdháta chun tuairisceáin a fháil maidir le tréimhse thuairiscithe 2019 an 30 Aibreán 2020.

Bhí ar cheannairí na n-ocht bpáirtí polaitíochta seo a leanas ráiteas a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin:

- Fianna Fáil
- Fine Gael
- An Comhaontas Glas
- Independents 4 Change
- Páirtí an Lucht Oibre
- Sinn Féin
- Na Daonlathaigh Shóisialta
- Dlúthpháirtíocht/Daoine Roimh Bhrabús

Anuas air sin, bhí ar 15 Sheanadóir Neamhspleácha agus 19 TD ráiteas a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin.

I gcomhréir leis an Acht, ní féidir an cistiú a fhaightear a chur chun feidhme nó a úsáid chun costais toghcháin nó reifrinn a íoc nó a fhorchúiteamh. Iarrann an Coimisiún go luann ceannairí agus baill neamhspleácha de pháirtí parlaiminteach ar a ráiteas caiteachais nár úsáideadh an liúntas ar mhaithe le cuspóirí toghcháin nó reifrinn.

Caithfidh an Coimisiún um Chaighdeáin tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar na ráitis agus na n-iniúchóirí a fuair sé a thugann an méid seo a leanas le fios:

(i) cibé acu ar seoladh nó nár seoladh na ráitis agus tuarascálacha na n-iniúchóirí ar aghaidh faoin teorainn ama a shonraítear,

(ii) cibé acu an nochtar nó nach nochtar aon chaiteachas a úsáideadh chun costais toghcháin nó reifrinn a fhorchúiteamh, agus

(iii) cibé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann na ráitis Ailt 10 (e.g. arna íoc i gcomhréir leis na rátaí cearta, etc.) agus 10B (soláthraíodh ráiteas caiteachais, etc.) den Acht.

Bunaithe ar an eolas a cuireadh ar fáil, tá an Coimisiún um Chaighdeáin sásta nach bhfuil aon fhianaise ann nár comhlíonadh na forálacha thuas.

Tá ar an gCoimisiún um Chaighdeáin cóip a sholáthar dá thuarascáil don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus chun í a chur faoi bhráid gach Tí den Oireachtas. Caithfidh an Coimisiún um Chaighdeáin cóip de na ráitis agus de thuarascálacha na n-iniúchóirí a fuarthas a choimeád agus caithfear iad a chur ar fáil don phobal lena n-iniúchadh agus le cóipeanna a dhéanamh díobh ag oifigí an Choimisiúin, 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773.

I gcomhthéacs phaindéim reatha COVID-19, tá oifigí an Choimisiúin dúnta do ghlaoiteoirí. Ní féidir, ar an ábhar sin, cáipéisí a chur ar fáil chun gur féidir leis an bpobal iad a iniúchadh i bpearsan. Is féidir cóipeanna a chur ar fáil i ndiaidh iarratas a dhéanamh leis an gCoimisiún trí ríomhphost a sheoladh chuig info@sipo.ie nó trí ghlao ar (01) 639-5666.

Tá na ráitis agus tuarascálacha na n-iniúchóirí ar fáil freisin ag www.sipo.ie.

Cuirtear sonraí ar fáil i dTábla 1 san Aguisín faoi chistiú a bhí ar fáil do cheannairí Parlaiminteacha páirtithe polaitíochta cáilithe faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte i rith 2019.

Léirítear i dTábla 2 san Aguisín miondealú de réir catagóire agus de réir páirtí polaitíochta ar chaiteachas an Liúntais Ghníomhaíochtaí Parlaiminte in 2019.

Cuirtear sonraí ar fáil i dTábla 3 san Aguisín faoi chistiú a bhí ar fáil do TDanna neamhspleácha faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte i rith 2019.

Léirítear i dTábla 4 san Aguisín miondealú ar chaiteachas an Liúntais Ghníomhaíochtaí Parlaiminte i rith 2019 ag gach TD neamhspleách.

Cuirtear sonraí ar fáil i dTábla 5 san Aguisín faoi chistiú a bhí ar fáil do Sheanadóirí neamhspleácha faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte i rith 2019.

Léirítear i dTábla 6 san Aguisín miondealú ar chaiteachas an Liúntais Ghníomhaíochtaí Parlaiminte i rith 2019 a sholáthair gach Seanadóir neamhspleách.

## Caibidil 3: An Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte - rátaí íocaíochta i rith 2019

Íocann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte le ceannairí páirtí pharlaimintigh agus le baill thofa neamhpháirtí den Dáil agus den Seanad.

Seo a leanas an liúntas bliantúil a bhí iníoctha in 2019 le ceannairí páirtí pharlaimintigh maidir le baill de Dháil Éireann –

Páirtithe rialtais –

- €42,912 do gach duine de na chéad 10 mball a thoghtar,
- €34,329 do gach ball tofa sa bhreis ó 11 go 30 ball, agus
- €17,169 do gach ball tofa os cionn 30 ball.

Páirtithe neamhrialtais –

- €64,368 do gach duine de na chéad 10 mball a thoghtar,
- €51,493 do gach ball tofa sa bhreis ó 11 go 30 ball, agus
- €25,754 do gach ball tofa os cionn 30 ball.

Ba é an liúntas bliantúil a bhí iníoctha in 2019 le ceannairí páirtí pharlaimintigh maidir le baill den Seanad –

- €42,089 do gach duine de na chéad cúig bhall a thoghtar nó a ainmnítear, agus
- €21,045 do gach ball breise a thoghtar nó a ainmnítear.

Íocadh liúntas bliantúil €37,037 le gach ball neamhpháirtí tofa de Dháil Éireann agus íocadh liúntas bliantúil €21,045 le baill thofa nó ainmnithe neamhpháirtí de Sheanad Éireann.

Ba é an cistiú iomlán a bronnadh in 2019 ar cheannairí na n-ocht bpáirtí cháilitheacha €7,510,214.

Ba é an méid cistiú a cuireadh ar fáil do bhaill neamhpháirtí na Dála i rith 2019 €682,098.

Ba é an méid cistiú a cuireadh ar fáil do bhaill neamhpháirtí an tSeanaid i rith 2019 €315,675.

# Aguisín: Sonraí faoi chistiú agus caiteachas

***Nóta: d'fhéadfadh nach ionann na hiomláin de bharr slánú.***

**Tábla 1 – Sonraí faoi chistiú a cuireadh ar fáil do Cheannairí Parlaiminteacha páirtithe polaitíochta cáilithe faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte i rith 2019**

| Páirtithe Polaitíochta | Iomlán a fuarthas do 2019 € | Tugtha anonn ó 2018 € | Iomlán ar fáil do 2019 € | Caiteachas iomlán in 2019 € | Iarmhéid tugtha anonn go dtí 2020 € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Fianna Fáil** | 2,426,702 | 55,837 | 2,482,539 | 2,980,532 | — |
| **Fine Gael** | 1,975,514 | 600,263 | 2,575,777 | 2,383,932 | **191,845** |
| **An Comhaontas Glas** | 164,465 | 258,176 | 422,641 | 242,770 | **179,871** |
| **Independents 4 Change** | 195,573 | 41,383 | 236,956 | 202,584 | **34,372** |
| **Páirtí an Lucht Oibre** | 618,932 | 876,408 | 1,495,340 | 686,735 | **808,605** |
| **Sinn Féin** | 1,549,717 | 158,515 | 1,708,232 | 1,478,974 | **229,258** |
| **Na Daonlathaigh Shóisialta** | 193,104 | 68,961 | 262,065 | 182,938 | **79,127** |
| **Dlúthpháirtíocht – Pobal Roimh Bhrabús** | 386,208 | 113,002 | 499,210 | 369,735 | **129,474** |
| **Iomlán** | **7,510,214,** | **2,172,544** | **9,682,759** | **8,528,201** | **1,652,551** |

## Tábla 2 – Miondealú de réir catagóire agus de réir páirtí polaitíochta ar chaiteachas an liúntais in 2019

| Catagóir | Fianna Fáil €| Fine Gael € | An Comhaontas Glas € | Independents 4 Change € | Páirtí an Lucht Oibre € | Sinn Féin € | Na Daonlathaigh Shóisialta € | Dlúthpháirtíocht – Pobal Roimh Bhrabús € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **a** | 2,723,948 | 223,071 | 4,938 | 136,997 | 556,851 | 1,384,767 | 170,803 | 10,234 | **5,211,610** |
| **b** | — | — | — | 3,758 | — | — | — | — | **3,758** |
| **c** | — | 238,344 | 8,690 | 10,986 | — | — | 1,323 | — | **259,343** |
| **d** | — | 124,330 | 2,708 | — | 127,049 | 44,379 | 2,692 | — | **301,158** |
| **e** | 182,456 | 86,492 | — | 16,089 | — | — | 8,120 | — | **293,156** |
| **f** | — | — | — | — | 2,835 | 23,838 | — | — | **26,673** |
| **g** | — | 1,711,695 | 226,434 | — | — | 25,990 | — | — | **1,964,119** |
| **h** | 30,000 | — | — | 6,000 | — | — | — | — | **36,000** |
| **i** | — | — | — | — | — | — | — | 359,295 | **359,295** |
| **j** | 44,128 | — | — | 28,755 | — | — | — | 206 | **73,089** |
| **k** | — | — | — | — | — | — | — | — | — |
| **Iomlán** | **2,980,532** | **2,383,932** | **242,770** | **202,584** | **686,735** | **1,478,974** | **182,938** | **369,735** | **8,528,201** |

## Catagóirí caiteachais

(a) riarachán ginearálta gníomhaíochtaí parlaiminteacha páirtí cháilithigh;

(b) comhairle theicniúil nó sainchomhairle a sholáthar ar dóchúil go dteastóidh sé maidir le tograí reachtaíochta nó le tionscnaimh fhéideartha pharlaiminteacha;

(c) taighde agus oiliúint;

(d) ceapadh beartais;

(e) seirbhísí sainchomhairleora a sholáthar, seirbhísí caidrimh phoiblí a fhostú san áireamh;

(f) vótáil nó meon an phobail a shampláil maidir le díospóireachtaí nó tionscnaimh pharlaiminteacha;

(g) seirbhísí tacaíochta a cheannach do pháirtí parlaiminteacha ón bpáirtí;

(h) aon tuarastal nó airgead oinigh a íoc le ceannaire parlaiminteach maidir le dualgais a eascraíonn as a g(h)níomhaíochtaí mar an gceannaire sin, seachas dualgais siúd bhaill de Dháil Éireann nó sealbhóir oifig Aire;

(i) aon tuarastal nó airgead oinigh a íoc le duine eile maidir le dualgais a eascraíonn as gníomhaíochtaí an duine eile i bpáirtí parlaiminteach;

(j) an soláthar do, nó aisíocaíocht as, caiteachas iompair agus pearsanta a thabhaigh ceannaire parlaiminteach, oifigigh nó urlabhraí páirtí pharlaimintigh mar thoradh ar fheidhm a bpáirtí pharlaimintigh;

(k) siamsaíocht.

**Tábla 3 – Sonraí faoi chistiú a bhí ar fáil do TDanna neamhspleácha faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte i rith 2019**

| Ainm an TD | Iomlán a fuarthas do<br>€ | Tugtha anonn ó 2018<br>€ | Iomlán ar fáil do 2019<br>€ | Caiteachas iomlán in<br>€ | Iarmhéid tugtha anonn go dtí 2020<br>€ |
|---|---|---|---|---|---|
| Canney, Seán | 37,037 | 17,163 | 54,200 | 14,929 | **39,271** |
| Collins, Michael | 37,037 | — | 37,037 | 37,037 | — |
| Connolly, Catherine | 37,037 | 50,131 | 87,168 | 36,339 | **50,829** |
| Fitzmaurice, Michael | 37,037 | 27,892 | 64,929 | 37,351 | **27,578** |
| Grealish, Noel | 37,037 | 46,880 | 83,917 | 27,136 | **56,780** |
| Halligan, John | 37,037 | 4,512 | 41,549 | 40,273 | **1,276** |
| Harty, Michael | 37,037 | 53,838 | 90,875 | 25,900 | **64,975** |
| Healy, Seamus | 15,432 | 33,927 | 49,359 | 29,049 | **20,311** |
| Healy Rae, Danny | 37,037 | 14,728 | 51,765 | 46,222 | **5,543** |
| Healy Rae, Michael | 37,037 | 20,547 | 57,584 | 43,672 | **13,912** |
| Lowry, Michael | 37,037 | 47,680 | 84,717 | 72,239 | **12,478** |
| McGrath, Finian | 37,037 | 34,107 | 71,144 | 50,032 | **21,112** |
| McGrath, Mattie | 37,037 | 54,813 | 91,850 | 24,702 | **67,147** |
| Moran, Kevin | 37,037 | 4,065 | 41,102 | 36,202 | **4,900** |
| Naughten, Denis | 37,037 | 51,358 | 88,395 | 6,442 | **81,953** |
| O'Sullivan, Maureen | 37,037 | 44,319 | 81,356 | 54,001 | **27,355** |
| Pringle, Thomas | 37,037 | 2,837 | 39,874 | 37,218 | **2,657** |
| Ross, Shane | 37,037 | 61,834 | 98,871 | 26,017 | **72,854** |
| Zappone, Katherine | 37,037 | 9,954 | 46,991 | 28,492 | **18,498** |
| **Iomlán** | **682,098** | **580,586** | **1,262,684** | **673,254** | **589,430** |

**Tábla 4 – Miondealú ar chaiteachas an Liúntais Ghníomhaíochtaí Parlaiminte i rith 2019 ag gach TD neamhspleách**

| Catagóir | a | b | c | d | e | f | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Canney, Seán | — | 12,500 | 887 | 221 | — | 1,321 | **14,929** |
| Collins, Michael | 16,530 | 8,197 | 4,580 | 3,950 | 3,780 | — | **37,037** |
| Connolly, Catherine | 6,740 | 26,101 | 3,089 | — | — | 409 | **36,339** |
| Fitzmaurice, Michael | — | 25,551 | — | 11,800 | — | — | **37,351** |
| Grealish, Noel | 246 | — | 6,890 | 20,000 | — | — | **27,136** |
| Halligan, John | 11,000 | 10,500 | — | 2,812 | 10,875 | 5,086 | **40,273** |
| Harty, Michael | — | — | — | 25,900 | — | — | **25,900** |
| Healy, Seamus | 28,581 | — | — | 467 | — | — | **29,049** |
| Healy Rae, Danny | — | 21,570 | 22,046 | 615 | — | 1,991 | **46,222** |
| Healy Rae, Michael | — | 30,391 | — | 12,446 | — | 835 | **43,672** |
| Lowry, Michael | — | 29,505 | — | 42,734 | — | — | **72,239** |
| McGrath, Finian | — | 34,065 | — | 1,782 | 11,378 | 2,807 | **50,032** |
| McGrath, Mattie | 8,711 | 570 | 12,375 | 890 | — | 2,155 | **24,702** |
| Moran, Kevin | 70 | 31,010 | 726 | 492 | 2,640 | 1,264 | **36,202** |
| Naughten, Denis | 246 | 1,957 | 3,724 | — | 515 | — | **6,442** |
| O'Sullivan, Maureen | 26,376 | 18,614 | 5,049 | 2,100 | — | 1,862 | **54,001** |
| Pringle, Thomas | 355 | 6,003 | 30,860 | — | — | — | **37,218** |
| Ross, Shane | — | 2,438 | — | 615 | 16,697 | 6,266 | **26,017** |
| Zappone, Katherine | — | 1,835 | — | 23,752 | — | 2,906 | **28,492** |
| **Iomlán** | **98,855** | **260,806** | **90,228** | **150,577** | **45,885** | **26,903** | **673,254** |

*Luaitear na méideanna in Euro

**Catagóirí caiteachais**

(b) comhairle theicniúil nó sainchomhairle a sholáthar ar dóchúil go dteastóidh sé maidir le tograí reachtaíochta nó le tionscnaimh fhéideartha pharlaiminteacha;

(b) taighde agus oiliúint;

(c) ceapadh beartais;

(d) seirbhísí sainchomhairleora a sholáthar, seirbhísí caidrimh phoiblí a fhostú san áireamh;

(e) vótáil nó meon an phobail a shampláil maidir le díospóireachtaí nó tionscnaimh pharlaiminteacha; agus

(f) siamsaíocht.

**Tábla 5 – Sonraí faoi chistiú a bhí ar fáil do bhaill neamhspleácha an tSeanaid faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte i rith 2019**

| Ainm an tSeanadóra | Iomlán a fuarthas do 2019 € | Tugtha anonn ó 2018 € | Iomlán ar fáil do 2019 € | Caiteachas iomlán in 2019 € | Iarmhéid tugtha anonn go dtí 2020 € |
|---|---|---|---|---|---|
| Black, Frances | 21,045 | 21,202 | 42,247 | 29,680 | **12,567** |
| Boyhan, Victor | 21,045 | 25,116 | 46,161 | 9,840 | **36,321** |
| Craughwell, Gerard | 21,045 | 13,765 | 34,810 | 15,853 | **18,956** |
| Dolan, John | 21,045 | 29,804 | 50,849 | 29,820 | **21,030** |
| Freeman, Joan | 21,045 | 18,980 | 40,025 | 22,436 | **17,590** |
| Higgins, Alice Mary | 21,045 | 18,772 | 39,817 | 22,911 | **16,906** |
| Kelleher, Collette | 21,045 | 14,569 | 35,614 | 33,533 | **2,081** |
| Lawless, Billy | 21,045 | 7,347 | 28,392 | 25,367 | **3,024** |
| Marshall, Ian | 21,045 | 13,713 | 34,758 | 4,206 | **30,551** |
| McDowell, Michael | 21,045 | 50,956 | 72,001 | 51,003 | **20,998** |
| Mullen, Ronan | 21,045 | — | — | 21,051 | — |
| Norris, David | 21,045 | 18,003 | 39,048 | 9,988 | **29,060** |
| Ó Ceidigh, Pádraig | 21,045 | 29,901 | 50,946 | 21,235 | **29,711** |
| O'Donnell, Marie Louise | 21,045 | 24,404 | 45,449 | 15,917 | **29,533** |
| Ruane, Lynn | 21,045 | 2,962 | 24,007 | 23,972 | **36** |
| **Iomlán** | **315,675** | **289,495** | **584,125** | **336,813** | **247,312** |

**Tábla 6 – Miondealú ar chaiteachas an Liúntais Ghníomhaíochtaí Parlaiminte i rith 2019 a sholáthair gach ball neamhspleách den Seanad**

| Catagóir | a | b | c | d | e | f | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Black, Frances | 2,957 | — | 26,723 | — | — | — | **29,680** |
| Boyhan, Victor | 600 | — | 8,644 | 596 | — | — | **9,840** |
| Craughwell, Gerard | 1,117 | — | 14,113 | 85 | — | 539 | **15,853** |
| Dolan, John | 2,653 | — | 9,354 | 17,749 | — | 63 | **29,820** |
| Freeman, Joan | 1,827 | 4,096 | 12,515 | 2,891 | — | 1,107 | **22,436** |
| Higgins, Alice Mary | 1,158 | 3,570 | 17,711 | — | — | 472 | **22,911** |
| Kelleher, Collette | — | 25 | 19,648 | 13,860 | — | — | **33,533** |
| Lawless, Billy | 10,031 | — | 9,183 | — | 2,214 | 3,940 | **25,367** |
| Marshall, Ian | 600 | — | 3,176 | 431 | — | — | **4,206** |
| McDowell, Michael | 600 | 1,192 | 4,717 | 431 | 44,063 | — | **51,003** |
| Mullen, Ronan | 596 | 14,984 | 5,259 | — | — | 212 | **21,051** |
| Norris, David | — | — | — | 9,988 | — | — | **9,988** |
| Ó Ceidigh, Pádraig | 1,185 | 6,813 | 10,010 | 1,098 | — | 2,128 | **21,235** |
| O'Donnell, Marie Louise | — | 449 | 13,034 | 1,961 | — | 473 | **15,917** |
| Ruane, Lynn | 464 | 14,541 | 8,967 | — | — | — | **23,972** |
| **Iomlán** | **23,787** | **45,670** | **163,055** | **49,089** | **46,277** | **8,934** | **336,813** |

*Luaitear na méideanna in Euro

**Catagóirí caiteachais**

(b) comhairle theicniúil nó sainchomhairle a sholáthar ar dóchúil go dteastóidh sé maidir le tograí reachtaíochta nó le tionscnaimh fhéideartha pharlaiminteacha;

(b) taighde agus oiliúint;

(c) ceapadh beartais;

(d) seirbhísí sainchomhairleora a sholáthar, seirbhísí caidrimh phoiblí a fhostú san áireamh;

(e) vótáil nó meon an phobail a shampláil maidir le díospóireachtaí nó tionscnaimh pharlaiminteacha;

(f) siamsaíocht.